BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – An comhbheartas tráchtála – Comhaontuithe idirnáisiúnta – An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile – Leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara – Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 – Airteagal 9 – Airteagal 26(2) – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 – Airteagal 3(1) agus (2) – Airteagal 5(1) agus (2) – Airteagal 8 – Airteagal 15(1) agus (4) – Iarscríbhinn I – Iarscríbhinn IV – Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Airteagal 76 – Faisnéis do thomhaltóirí ar earraí bia – Lipéadú sainordaitheach i ndáil le tír thionscnaimh nó bunáitíocht earra bia – Torthaí agus glasraí a bhaintear sa Sahára Thiar – Iarratas chuig Ballstát chun allmhairiú na dtáirgí sin isteach ina chríoch a thoirmeasc go haontaobhach – Lipéadú sainordaitheach an Sahára Thiar mar áit tionscnaimh na dtrátaí agus na mealbhacán a bhaintear sa chríoch sin)

Cás C-399/22

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc), trí bhreith an 9 Meitheamh 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Meitheamh 2022, sna himeachtaí

Confédération paysanne

v

Ministre de l'Agriculture et de la Souveraineté alimentaire,

Ministre de l'Économie, des Finances et de la Souveraineté industrielle et numérique,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, C. Lycourgos, E. Regan, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, S. Rodin, I. Jarukaitis, A. Kumin, N. Jääskinen (Rapóirtéir), M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: M. Krausenböck, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 24 Deireadh Fómhair 2023,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Confédération paysanne, ag G. Devers, avocat,

– Rialtas na Fraince, ag G. Bain, J.-L. Carré, B. Herbaut, T. Stéhelin agus B. Travard, i gcáil Gníomhairí,

– Comhairle an Aontais Eorpaigh, ag F. Naert agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouquet, D. Calleja Crespo, F. Clotuche-Duvieusart agus M. Konstantinidis, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 24 Deireadh Fómhair 2023,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an soláthar faisnéise bia do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO 2011 L 304, lch. 18), go háirithe Airteagail 9 agus 26 de; ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 671), go háirithe Airteagal 76 de, ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus torthaí agus glasraí próiseáilte (IO 2011 L 157, lch. 1) arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 594/2013 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2013 (IO 2013 L 170, lch. 43) (‘Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011’), ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 9 Deireadh Fómhair 2013, lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1, ‘Cód Custaim an Aontais’); agus ar Chinneadh (AE) 2019/217 ón gComhairle an 28 Eanáir 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 1), agus maidir le bailíocht an Chinnidh sin i bhfianaise Airteagal 3(5) agus Airteagal 21 CAE agus Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe, a síníodh in San Francisco an 26 Meitheamh 1945.

2 Rinne an iarraidh seo in imeachtaí idir Confédération paysanne, aontas talmhaíochta Francach, agus Ministre de l’Agriculture et de la Souveraineté alimentaire (an tAire Talmhaíochta agus Ceannasachta Bia, an Fhrainc) agus Ministre de l’Économie, des Finances et de la Souveraineté

industrielle et numérique (an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití, an Fhrainc) maidir le dlíthiúlacht cinnidh intuigthe lena ndiúltaítear d'allmhairiú trátaí silíní agus mealbhacáin Charentais a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar ('na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí').

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011

3 Foráiltear le haithrisí 4, 8, 12 agus 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011:

'(4) Le hAirteagal 113(1)(b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 [ón gComhairle, an 22 Deireadh Fómhair 2007, lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair (IO 2007 L 299, lch. 1)] údaraítear don Choimisiún [Eorpach] caighdeáin mhargaíochta a leagan síos maidir le torthaí agus glasraí agus maidir le torthaí agus glasraí próiseáilte faoi seach. De bhun Airteagal 113a(1) den Rialachán sin, ní fhéadfar torthaí agus glasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr, a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear an tír thionscnaimh. Chun cur chun feidhme na forála sin a chomhchuibhiú, is iomchuí mionsonraí a leagan amach faoi agus foráil a dhéanamh maidir le caighdeán margaíochta ginearálta le haghaidh torthaí agus glasraí úra uile.

[...]

(8) Ba cheart na sonraí faisnéise a cheanglaítear le caighdeáin mhargaíochta a thaispeáint go soiléir ar an bpacáistíocht agus/nó ar an lipéad. D'fhonn calaois agus cásanna ina gcuirfí tomhaltóirí ar míthreoir a sheachaint, ba cheart na sonraí faisnéise a cheanglaítear leis na caighdeáin a bheith ar fáil do thomhaltóirí roimh cheannach, go háirithe i gcás ciandíola, nuair is léir ó thaithí go mbíonn rioscaí ann maidir le calaois agus le seachaint chosaint na dtomhaltóirí a bhaineann leis na caighdeáin.

[...]

(12) Ba cheart do gach Ballstát na comhlachtaí cigireachta a ainmniú atá freagrach as seiceálacha comhréireachta a dhéanamh ag gach céim den mhargaíocht. Ní mór go mbeadh ceann de na comhlachtaí sin freagrach as teagmhálacha agus as comhordú idir na comhlachtaí ainmnithe eile go léir.

[...]

(16) Ba cheart d'allmhairí torthaí agus glasraí ó thríú tíortha a bheith comhréireach leis na caighdeáin mhargaíochta atá coibhéiseach leo. Ba cheart seiceálacha comhréireachta a dhéanamh dá bhrí sin sula dtéann na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais [Eorpaigh], ach amháin i gcás luchtóga beaga a mheasann na comhlachtaí cigireachta go bhfuil riosca íseal ag baint leo. I dtríú tíortha áirithe a sholáthraíonn ráthaíochtaí sásúla faoi

chomhréireacht, féadfaidh comhlachtaí cigireachta na dtríú tíortha sin na seiceálacha réamh-onnmhairiúcháin a dhéanamh. I gcás ina gcuirtear an rogha sin i bhfeidhm, ba cheart do Bhallstáit éifeachtacht agus cáilíocht na seiceálacha réamh-onnmhairiúcháin arna ndéanamh ag comhlachtaí cigireachtaí tríú tíortha a fhíorú go tráthrialta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Faoin gceannteideal 'Caighdeáin mhargaíochta; sealbhóirí', luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

'1. Tá na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 113a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ainmnithe mar chaighdeán ginearálta margaíochta. Tá an caighdeán ginearálta margaíochta dá dtagraítear san fhoráil sin leagtha síos i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Comhlíonfaidh torthaí agus glasraí an caighdeán ginearálta margaíochta nach bhfuil cumhdaithe ag caighdeán sonrach margaíochta. [...]

2. Leagtar amach na caighdeáin shonracha mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 113(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo i gcás na dtáirgí seo a leanas:

[...]

(j) trátaí;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 In Airteagal 5 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, dar teideal 'Sonraí faisnéise', foráiltear, i míreanna 1 agus 2:

'1 Ní mór go dtaispeánfar na sonraí faisnéise a cheanglaítear leis an gCaibidil ar bhealach atá inléite, doscriosta agus infheicthe ón taobh amuigh, bíodh sin priontáilte go díreach ar an bpacáiste, lipéad ar cuid dhílis den phacáiste, nó greamaithe den phacáiste.

2. Maidir le hearraí a loingsítear i mbulc agus a luchtaítear go díreach ar mhodh iompair, tabharfar na sonraí faisnéise dá dtagraítear i mír 1 i ndoiciméad a ghabhann leis na hearraí nó taispeánfar iad ar fhógra a chuirfear in áit shoiléir taobh istigh den mhodh iompair.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 I dTeideal II de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 tá Caibidil II, dar teideal 'Seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta', ina bhfuil Airteagal 8 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, dar teideal 'Raon feidhme', agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

'Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha maidir le seiceálacha comhréireachta, is é sin le rá seiceálacha a dhéantar ar thorthaí agus glasraí ag gach céim den mhargaíocht, d'fhonn a gcomhréireacht leis na caighdeáin mhargaíochta agus le forálacha eile an Teidil seo agus Airteagal 113 agus Airteagal 113a de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a fhíorú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, dar teideal ‘Seiceálacha comhréireachta arna ndéanamh ag tríú tíortha a fhormheas roimh allmhairiú isteach san Aontas’, i míreanna 1 agus 4 de:

‘1. Arna iarraidh sin do thríú tír, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, seiceálacha ar chomhréireacht le caighdeáin mhargaíochta arna gcur i gcrích ag an tríú tír sin roimh allmhairiú isteach san Aontas a fhormheas.

[...]

4. Liostaítear in Iarscríbhinn IV na tríú tíortha inar formheasadh na seiceálacha comhréireachta faoin Airteagal seo agus na táirgí lena mbaineann.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Faoin gcéad fhomhír agus faoin gcúigiú fomhír d’Airteagal 17(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

‘I gcás neamh-chomhlíontachta, eiseoidh an comhlacht rialaithe toradh neamh-chomhlíontachta chuig an oibreoir nó chuig a ionadaithe. Ní fhéadfadh earraí a bhfuil fionnachtain neamh-chomhréireachta eisithe maidir leo a bhogadh gan údarú an chomhlachta cigireachta a d’eisigh an fhionnachtain sin. Féadfaidh an t-údarú sin a bheith faoi réir na gcoinníollacha a leagfaidh an comhlacht cigireachta síos.

[...]

I gcás nach féidir na hearraí a thabhairt chun comhréireachta nó nach bhfuil siad beartaithe le húsáid do bheatha ainmhithe nó le haghaidh próiseáil tionsclaíochta, nó aon úsáid eile neamhbhia, féadfaidh an comhlacht cigireachta, más gá, iarraidh ar thrádálaithe bearta leordhóthanacha a ghlacadh chun a áirithiú nach ndéanfar na táirgí atá i gceist a mhargú. Soláthróidh trádálaithe an fhaisnéis a mheasann na Ballstáit a bheith riachtanach chun an mhír seo a chur i bhfeidhm.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 18(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin:

‘Maidir le Ballstáit ónar diúltaíodh go leor earraí ó thríú tír a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta mar gheall ar neamhchomhlíonadh leis na caighdeáin mhargaíochta, tabharfaidh siad fógra láithreach don Choimisiún, do na Ballstáit eile ar dócha go mbeidh siad bainteach, agus don tríú tír liostaithe in Iarscríbhinn IV.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 maidir leis na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, luaitear, mar chaighdeán ginearálta margaíochta, i bpointe 4 de Chuid A de, marcáil

thionscnamh na dtáirgí, go háirithe ainm iomlán thír thionscnaimh na dtáirgí. Foráiltear leis an gcaighdeán margaíochta le haghaidh trátaí, a leagtar amach i gCuid 10 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, nach mór sonraí na tíre tionscnaimh agus, i gcás inarb iomchuí, an limistéir táirgthe a bheith ar gach pacáiste i litreacha atá grúpáilte ar an taobh céanna, inléite, doscriosta agus infheicthe ón taobh amuigh.

11 Liostaítear Maracó in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 i measc na dtríú tíortha ar formheasadh a seiceálacha comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 15 le haghaidh 'torthaí agus glasraí úra'.

Rialachán Uimh. 1169/2011

12 Foráiltear le hAirteagal 1(4) de Rialachán 1169/2011:

'Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais lipéadaithe dá bhforáiltear i bhforálacha sonracha an Aontais, ar ceanglais iad is infheidhme maidir le bianna áirithe.'

13 Foráiltear le pointe (i) de mhír 1 d'Airteagal 9 den Rialachán sin, dar teideal 'Liosta na sonraí sainordaitheacha':

'I gcomhréir le hAirteagail 10 go hAirteagal 35 agus faoi réir na n-eisceachtaí atá sa Chaibidil seo, beidh léiriú na sonraí seo a leanas sainordaitheach:

[...]

(i) an tír thionscnaimh nó bunáitíocht i gcás ina bhforáiltear dóibh in Airteagal 26'.

14 Foráiltear le pointe (a) de mhír 2 d'Airteagal 26 den Rialachán sin, dar teideal 'Tír thionscnaimh nó an bhunáitíocht':

'Beidh léiriú na tíre tionscnaimh nó na bunáitíochta sainordaitheach:

(a) más rud é, de bharr mainneachtana i leith an léirithe sin, go gcuirfí an tomhaltóir ar míthreoir maidir le fíorthír thionscnaimh an bhia nó maidir le fíorbhunáitíocht an bhia, go háirithe dá dtabharfaí le tuiscint, thairis sin, leis an bhfaisnéis a ghabhann leis an mbia nó leis an lipéad, ina iomláine, go bhfuil tír thionscnaimh éagsúil nó bunáitíocht éagsúil ag an mbia'.

Cód Custaim an Aontais

15 Foráiltear le hAirteagal 59 de Chód Custaim an Aontais:

'Leagfar síos le hAirteagal 60 agus le hAirteagal 61 rialacha d'fhonn tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh chun na nithe a leanas a chur i bhfeidhm:

[...]

(c) bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí.'

16 Léitear Airteagal 60 den Treoir sin, dar teideal ‘Éadáil tionscnaimh’ mar a leanas:

‘1. Earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin nó i gcríoch amháin, measfar go bhfuil a n-áit tionscnaimh sa tír sin nó sa chríoch sin.

2. Earraí a bhfuil níos mó ná tír nó críoch amháin bainteach lena dtáirgeadh, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche ina ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a mbeidh monarú táirge nua mar thoradh air nó ar chéim thábhachtach sa mhonarú í.’

17 Foráiltear le hAirteagal 134(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Maoirseacht chustaim’:

‘I gcás inarb infheidhme, beidh siad faoi réir na dtoirmeasc agus na srianta sin a bhfuil bonn cirt leo ar mhaithe, *inter alia*, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; chun sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; chun an comhshaol a chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus chun maoin tionscail agus tráchtála a chosaint, lena n-áirítear rialú ar réamhtheachtaithe drugaí, earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus airgead tirim, agus chun bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh agus bearta beartais tráchtála a chur chun feidhme.

Fanfaidh siad faoi mhaoirseacht custaim fad is gá lena stádas custaim a chinneadh agus ní bhainfear iad ón maoirseacht sin gan cead na n-údarás custaim.

Gan dochar d’Airteagal 254, ní bheidh earraí Aontais faoi réir maoirseachta custaim nuair a bheidh a stádas custaim deimhnithe.

Fanfaidh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad faoi mhaoirseacht custaim go dtí go dtiocfaidh athrú ar a stádas nó go dtógfar amach as críoch chustaim an Aontais iad nó go dtí go ndíothófar iad.’

Rialachán Uimh. 1308/2013

18 Foráiltear in Airteagal 74 de Threoir 1308/2013, dar teideal ‘Prionsabal ginearálta’, mar seo a leanas:

‘Ní fhéadfar na táirgí a bhfuil caighdeáin mhargaithe de réir earnálacha nó táirgí leagtha síos ina leith i gcomhréir leis an Roinn seo a chur ar an margadh san Aontas ach má tá siad i gcomhréir leis na caighdeáin sin.’

19 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 75 den Rialachán sin:

‘1. Féadfaidh feidhm a bheith ag caighdeáin mhargaíochta maidir le ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha agus/nó de na táirgí seo a leanas:

[…]

(b) torthaí agus glasraí;

[…]

3. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) [Uimh. 1169/2011], féadfaidh na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1 ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a chuimsiú, ar nithe iad atá le cinneadh ar bhonn earnála nó táirge agus atá bunaithe ar shaintréithe gach earnála, an gá chun an margú a rialáil agus na coinníollacha atá sainithe i mír 5 den Airteagal seo:

[...]

(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh, gan feoil éanlaithe ná saillte inleata a áireamh;

[...]'

20 Foráiltear le hAirteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013, dar teideal 'Ceanglais bhreise chun táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhargú' mar seo a leanas:

'1. Chomh maith leis sin, sa chás inarb ábhartha do na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 75, ní fhéadfar táirgí de chuid earnáil na dtorthaí agus na nglasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr, a mhargú ach amháin má tá siad de cháilíocht shlán chóir agus indíolta agus má léirítear an tír tionscnaimh.

2. Na caighdeáin mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1, agus aon chaighdeán margaíochta is infheidhme maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí a leagtar síos i gcomhréir leis an bhforoinn seo, beidh feidhm acu ag gach céim mhargaíochta lena n-áirítear allmhairiú agus onnmhairiú, agus féadfar cáilíocht, aicmiú, meáchan, toirt, pacáil, pacáistiú, stóráil, iompar, cur i láthair agus margú a chumhdach leo.

3. Ní chuirfidh sealbhóir táirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a chumhdaítear le caighdeáin mhargaíochta na táirgí sin ar taispeáint, ní dhíolfaidh sé iad ná ní dhéanfaidh sé iad a sheachadadh ná a mhargú ar aon bhealach laistigh den Aontas ach amháin i gcomhréir leis na caighdeáin sin agus beidh sé freagrach as a áirithiú go gcloífear leis na caighdeáin sin.

[...]'

21 I gCuid III den Rialachán sin, dar teideal 'Trádáil le tríú tíortha', áirítear Airteagal 194, dar teideal 'Bearta cosanta', lena bhforáiltear:

'1. Déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairithe isteach san Aontas, faoi réir mhír 3, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 [ón gComhairle, an 26 Feabhra 2009, maidir le comhrialacha maidir le hallmhairithe (IO 2009 L 84, lch. 1),] agus le Rialachán (CE) Uimh. 625/2009 ón gComhairle [an 7 Iúil 2009 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO 2009 L 185, lch. 1)].

2. Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt in aon ghníomh eile ó Pharlaimint na hEorpa agus ó [Chomhairle an Aontais Eorpaigh] agus in aon ghníomh eile ón gComhairle, déanfaidh an Coimisiún bearta cosanta i gcoinne allmhairí isteach san Aontas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích le CFAE.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin. [...]

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, déanfaidh sé cinneadh ina leith, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Na bearta a ghlacfar, cuirfear in iúl iad láithreach do na Ballstáit agus beidh éifeacht acu láithreach.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcúlghairmfear nó lena leasófar bearta cosanta de chuid an Aontais a ghlacfar de bhun mhír 3 den Airteagal seo a. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá tagraítear in Airteagal 229(2).

I gcás ina mbeidh forais phráinneacha ríthábhachtacha ann a mbeidh údar maith leo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach bonn i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(3).

Rialachán (AE) 2015/478

22 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO 2015 L 83, lch. 16 'an bun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta').

'1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hallmhairiú táirgí de thionscamh tríú tíortha, ach amháin:

(a) táirgí teicstíle atá faoi réir rialacha allmhairithe sonracha faoi Rialachán (CE) Uimh. 517/94 [ón gComhairle an 7 Márta 1994 maidir le comhrialacha d'allmhairí táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach bhfuil folaithe ag comhaontaithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná ag rialacha sonracha Comhphobail eile ar allmhairí (IO 1994 L 67, lch. 1)];

(b) táirgí de thionscamh tríú tíortha áirithe atá liostaithe i Rialachán (CE) [Uimh. 625/2009].

2. Déanfar na táirgí dá dtagraítear i mír 1 a allmhairiú faoi shaoirse isteach san Aontas agus dá réir sin, gan dochar do na bearta cosanta is féidir a dhéanamh faoi Chaibidil V, ní bheidh siad faoi réir aon srianta cainníochtúla.'

23 Féach Airteagal 15 den bhun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta:

‘1. I gcás táirge a allmhairítear isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhfuil méadú chomh mór sin tagtha orthu agus/nó faoi théarmaí nó coinníollacha de shórt go ndéanann sé, nó gur baol go ndéanfaidh sé, mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais, féadfaidh an Coimisiún, chun leas an Aontais a chosaint, ag gníomhú dó arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) teorainn a chur le tréimhse bailíochta doiciméad faireachais laistigh de bhrí Airteagal 11 atá le heisiúint tar éis theacht i bhfeidhm an bhirt seo;

(b) na rialacha allmhairiúcháin a athrú i gcás an táirge i gceist trína scaoileadh chun saorchúrsaíochta a chur faoi réir an choinníll údarú allmhairithe a thaispeáint, agus beidh deonú an údaraithe sin faoi rialú na bhforálacha agus faoi réir na dteorainneacha a leagfaidh an Coimisiún síos.

Gabhfaidh éifeacht leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) láithreach.

2. Maidir le baill den [Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)], ní ghlacfar na bearta dá dtagraítear i mír 1 ach nuair a chomhlíontar an dá choinníoll atá sonraithe sa chéad fhomhír den mhír sin.

[…]

5. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo maidir le gach táirge a chuirtear i saorchúrsaíocht tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart sin. I gcomhréir le hAirteagal 17, féadfaidh siad a bheith teoranta do réigiún amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

Mar sin féin, ní choiscfidh bearta den sórt sin scaoileadh táirgí le haghaidh saorchúrsaíochta má tá na táirgí cheana féin ar a mbealach chuig an Aontas ar choinníoll nach féidir ceann scríbe na dtáirgí sin a athrú agus go bhfuil, i gcás na dtáirgí sin nach bhféadtar, de bhun Airteagal 10 agus Airteagal 11, iad a chur i saorchúrsaíocht ach amháin le doiciméad faireacháin a thabhairt ar aird, an doiciméad sin ag gabháil leo dáiríre.

6. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3), nó i gcás éigeandála, i gcomhréir le hAirteagal 3(4), laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad ón iarraidh sin a fháil.’

24 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 24(2)(a) den Rialachán sin:

‘Gan dochar d’fhorálacha eile de chuid an Aontais, ní choiscfidh an Rialachán seo glacadh nó cur i bhfeidhm an méid seo a leanas ag na Ballstáit de:

(a) toirmisc, srianta cainníochtúla ná bearta faireachais ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí, le cosaint sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí, le cosaint seod náisiúnta ina bhfuil luach ealaíne, staire nó seandálaíoch, nó maoin tionscail agus tráchtála a chosaint’.

Cinneadh 2019/217

25 Foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh 2019/217 go ndéantar an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 4; 'an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha') a fhormheas leis seo thar ceann an Aontais Eorpaigh.

26 Luaitear an méid seo a leanas sa Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha:

'Chomhaontaigh [an tAontas] agus Ríocht Mharacó an dearbhú comhpháirteach seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Uimh. 4 den [Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 26 Feabhra 1996 (IO 2000 L 70, lch. 4; "an Comhaontú Comhlachais")]:

"Dearbhú Comhpháirteach maidir le Prótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an [gComhaontú Comhlachais] a chur i bhfeidhm

1. Baineann táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir a rialaithe ag údaráis chustaim Ríocht Mharacó, leas as na fabhair thrádála chéanna leis na fabhair thrádála a dheonaíonn an [tAontas] do tháirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú, lena n-áirítear cruthúnais ar thionscnamh.

3. Beidh údaráis chustaim Bhallstáit an [Aontais] agus Ríocht Mharacó freagrach as a áirithiú go gcuirfear Prótacal Uimh. 4 i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin."'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Fraince

27 Faoi Airteagal 23a de Chód Custaim na Fraince:

'Faoi réir comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, féadfar allmhairiú earraí bia, ábhar agus táirgí d'aon chineál agus d'aon tionscnamh nach gcomhlíonann na dlíthe ná na rialacháin a fhorchuirtear ar earraí bia intíre, ar ábhair nó ar tháirgí comhchosúla intíre a thoirmeasc nó a rialáil le foraitheanta comhpháirteacha ón Aire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, ón Aire atá freagrach as Acmhainní agus ón Aire Talmhaíochta atá freagrach as calaois a chomhrac.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

28 An 2 Deireadh Fómhair 2020, thug Confédération paysanne caingean os comhair an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Fhrainc), arb í an chúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí ar neamhní an cinneadh diúltaithe intuigthe ón Aire Talmhaíochta agus Ceannasachta Bia agus ón Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití maidir lena iarratas ar ordú lena dtoirmisctear allmhairiú na dtáirgí atá i

gceist sna príomhimeachtaí de bhun Airteagal 23a de Chód Custaim na Fraince agus, ar an dara dul síos, ordú a thabhairt do na hAirí sin an t-ordú sin a ghlacadh. Maíonn sé, go bunúsach, nach bhfuil críoch an tSahára Thiar ina cuid de chríoch Ríocht Mharacó agus, dá bhrí sin, go sáraíonn an lipéadú a léiríonn gur de thionscnamh Mharacó na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí forálacha dhlí an Aontais maidir le tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi thionscnamh na dtorthaí agus na nglasraí a thairgtear lena ndíol.

29 Meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, gur léir ó reachtaíocht ábhartha dhlí an Aontais nach mór, i bprionsabal, an ceanglas maidir le tír thionscnaimh nó críoch thionscnaimh táirge a lua a chomhlíonadh ag céim allmhairithe an táirge sin. Tugann sí faoi deara freisin nach dtugtar inniúlacht go sainráite leis an reachtaíocht sin do na Ballstáit bearta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí nach gcomhlíonann an ceanglas sin. Measann sí, áfach, go bhféadfadh bonn cirt a bheith le beart den sórt sin, *inter alia*, más sárú 'ollmhór' é sárú na reachtaíochta sin, rud a fhágann go bhfuil sé deacair seiceálacha a dhéanamh a luaithe a scaoiltear na táirgí lena mbaineann isteach i gcríoch an Aontais.

30 Dá bhrí sin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir leis an bhféidearthacht léiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht chéanna lena n-údaraítear do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí ó thríú tír nach luaitear i gceart ar a lipéadú an tír nó an chríoch as a dtagann siad, i gcás ina bhfuil an cleachtas sin 'ollmhór', rud a fhágann go bhfuil sé deacair na táirgí sin a rialú nuair atá siad ar chríoch an Aontais.

31 Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, le breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), agus an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118), gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur lean sí ó phrionsabal an fhéinchinntiúcháin agus ó phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí nach bhféadfaí críoch an tSahára Thiar a mheas mar chuid de chríoch Ríocht Mharacó, de réir bhrí an Chomhaontaithe Comhlachais agus na gcomhaontuithe atá faoina réir. Mar sin féin, tugann sí faoi deara, tar éis na mbreithiúnas sin, gur thug Ríocht Mharacó agus an tAontas an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i gcrích, comhaontú a formheasadh le Cinneadh 2019/217. Baineann an comhaontú sin le táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar a thairbhíonn na fabhair tharaife a dheonaítear do tháirgí de thionscnamh Mharacó a onnmhairítear chuig an Aontas.

32 Cuireann an chúirt sin in iúl freisin, cé gur cuireadh Cinneadh 2019/217 ar neamhní le breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, EU:T:2021:639), mar sin féin, coinníodh a éifeachtaí ar bun go dtí gur thug an Chúirt a breithiúnas ar achomharc an Choimisiúin i gcoinne an bhreithiúnais sin. Dá bhrí sin, sonraítear ann, dá bhféadfaí a údarú do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí nach luaitear i gceart ar a lipéadú an tír ná an chríoch as a dtionscnaíonn siad, go n-eascródh an cheist, ar an gcéad dul síos, an gcaithfear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé gurb í Ríocht Mharacó tír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, ar an dara dul síos, an bhfuil údaráis Mharacó inniúil chun na deimhnithe comhréireachta dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 a eisiúint.

33 Ar an tríú dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur, má thugtar freagra dearfach ar an gceist sin, go mbeadh sé riachtanach freisin a mheas an gcomhlíonann Cinneadh 2019/217 Airteagal 3(5) agus Airteagal 21 CAE agus gnáthphrionsabal an fhéinchinntiúcháin a mheabhraítear go háirithe in Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

34 Ar deireadh, sa cheathrú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise na measúnuithe a bhaineann le staid chríoch an tSahára Thiar a leagtar amach i mbreithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973), agus an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118), an gcaithfear reachtaíocht ábhartha dhlí an Aontais a léiriú sa chaoi, ag céim allmhairithe na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí agus ag céim a ndíolta le tomhaltóirí, go bhféadfar Ríocht Mharacó a lua ar lipéadú na dtáirgí sin ar bhonn na tíre tionscnaimh nó ar cheart críoch an tSahára Thiar amháin a lua inti.

35 Sna himthosca sin, chinn an Conseil d'État bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'1) An bhfuil forálacha Rialachán Uimh. 1169/2011, Rialachán Uimh. 1308/2011, [Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011] agus [Cód Custaim an Aontais] le léiriú mar fhorálacha lena n-údaraítear do Bhallstát beart náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairí, de thionscnamh tíre áirithe, de thorthaí agus glasraí a sháraíonn Airteagal 26 de Rialachán Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013 toisc nach luaitear orthu an tír nó an chríoch a bhfuil siad dá tionscnamh i ndáiríre, go háirithe nuair atá an faillí sin ollmhór agus go mbeidh sé fíor dheacair iad a rialú nuair a bheidh na táirgí tar éis dul isteach i gcríoch an Aontais?

2) Sa chás go bhfuil freagra na chéad cheiste dearfach, an bhfuil an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, arna cheadú le Cinneadh [2019/217], le léiriú ar chaoi a gciallaíonn, maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 9 agus 26 de [Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011] agus d'Airteagal 76 de [Rialachán (AE) Uimh. 1308/2011], ar thaobh amháin, go bhfuil Maracó mar thír thionscnaimh ag torthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar agus, ar an taobh eile, go bhfuil údaráis Mharacó inniúil ar na deimhnithe comhréireachta dá bhforáiltear i [Rialachán Cur chun feidhme Uimh. 543/2011] a eisiúint do thorthaí agus do ghlasraí a baineadh sa chríoch sin?

3) Sa chás go bhfuil freagra na dara ceiste [dearfach], an bhfuil Cinneadh [2019/217] i gcomhréir le hAirteagal 3(5), [agus] le hAirteagal 21 CAE [agus] le gnáthphrionsabal an fhéinchinntiúcháin arna mheabhrú, *inter alia*, in Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe?

4) Ar cheart Airteagail 9 agus 26 de [Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011] agus Airteagal 76 de [Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013] a léiriú ar chaoi a chiallaíonn, ag céim na hallmhairithe agus céim an díola don tomhaltóir, nach féidir le pacáistiú ar thorthaí agus glasraí a bhaintear i gcríoch an tSahára Thiar Maracó a lua mar thír thionscnaimh agus nach mór críoch an tSahára Thiar a lua?'

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

Réamhbharúlacha

36 Rinneadh Cinneadh 2019/217 a neamhniú le breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-279/19, EU:T:2021:639).

37 Le breithiúnas a tugadh inniu, *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21 P agus C-799/21 P), dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais na hachomhairc a rinneadh i gcoinne an bhreithiúnais sin ón gCúirt Ghinearálta.

38 Mar is léir ó bhreithiúnas an lae inniu, *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21 P agus C-799/21 P), coinnítear éifeachtaí an chinnidh sin go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2025. Dá bhrí sin, féadfaidh Prótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Comhlachais, arna leasú leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha, leanúint, go dtí an dáta sin, de rialú a dhéanamh ar allmhairiú na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí isteach san Aontas.

39 Mar sin, ní dhearna cinneadh neamhbhailíochta Chinneadh 2019/217 difear d'allmhairí na dtáirgí sin, agus ní dhéanann sé difear dóibh go fóill. Dá bhrí sin, is gá fós a chinneadh, mar fhreagra ar an gcéad cheist agus ar an gceathrú ceist, cén tásc tionscnaimh nach mór a bheith ag gabháil leis na táirgí sin agus cén cineál beart cosanta a fhéadfaidh Ballstát a dhéanamh i gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil tásc tionscnaimh mícheart ag gabháil go córasach leis na táirgí sin.

An chéad cheist

40 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go measann an Chúirt Bhreithiúnais gur gá forálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste. Toisc gur scríobh cúirt náisiúnta, go foirmiúil, ceist a tarchuireadh chun réamhrialú trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuireann sé sin cosc ar an gCúirt Bhreithiúnais na léirmhínithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh le linn breithniú a dhéanamh ar an gcás os a comhair a chur ar fáil don chúirt sin, cibé acu ar tharchuir sí chucu i bhfoclaíocht a ceisteanna nó nach ndearna. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach (breithiúnas an 22 Nollaig 2022, *Ministre de la Transition écologique et Premier ministre (Freagracht an Stáit ar thruailliú aeir)*, C-61/21, EU:C:2022:1015, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Sa chás seo, is léir ó na mínithe a thug an chúirt a rinne an tarchur gur iarr Confédération paysanne, go bunúsach, ar an Aire Talmhaíochta agus Ceannasachta Bia agus ar an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Ceannasachta Tionsclaíche agus Digití ordú a ghlacadh lena dtoirmisctear na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí a allmhairiú ó chríoch an tSahára Thiar ar an bhforas go raibh léiriú mícheart ar an tír thionscnaimh a bhí le feiceáil ar lipéadú na dtáirgí sin. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an údaraítear do Bhallstát beart den sórt sin a ghlacadh le dlí an Aontais agus, go háirithe, le Rialachán Uimh. 1169/2011, Rialachán Uimh. 1308/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 agus Cód Custaim an Aontais.

42 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 21 dá Tuairim, tagann allmhairiú earraí isteach san Aontas faoi raon feidhme an chaidrimh trádála atá ag an Aontas le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, atá á rialú ag an gcomhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 207(1) CFAE.

43 Leanann sé ón bhforáil sin, agus go háirithe ón dara habairt de mhír 1, ar dá réir a bhfuil an comhbheartas tráchtála ina chuid de 'ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais', go mbaineann an beartas sin le trádáil le tríú tíortha (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *Daiichi Sankyo agus Sanofi-Aventis Deutschland*, C-414/11, EU:C:2013:520, mír 50, agus an 22 Deireadh Fómhair 2013, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-137/12, EU:C:2013:675, mír 56).

44 Ós rud é go mbaineann an chéad cheist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur le hallmhairiú na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí isteach i mBallstát agus ní le coinníollacha a ndíola, ní mór í a scrúdú i bhfianaise ghníomhartha dhlí an Aontais lena rialaítear an comhbheartas tráchtála, nó forálacha a bhaineann le hionstraimí beartais tráchtála atá i ngníomhartha eile de dhlí an Aontais.

45 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, leis an gceist sin, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 207 CFAE, an bun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta agus Rialachán Uimh. 1308/2013 a léiriú sa chaoi go gceadaítear do Bhallstát beart a ghlacadh go haontaobhach lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí talmhaíochta a bhfuil a lipéadú ar neamhréir go córasach le reachtaíocht an Aontais maidir le léiriú na tíre nó na críche tionscnaimh.

46 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go dtugtar le hAirteagal 3(1)(e) CFAE inniúlacht eisiach don Aontas i réimse an chomhbheartais tráchtála. I gcomhréir le hAirteagal 207(1) CFAE, tá an beartas sin bunaithe ar phrionsabail aonfhoirmeacha agus seolfar é faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

47 Ar an dara dul síos, faoi Airteagal 2(1) CFAE, i gcás ina ndéantar inniúlacht eisiach a thabhairt don Aontas leis na Conarthaí i réimse ar leith, is é an tAontas amháin a fhéadfaidh reachtú agus gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh, ós rud é nach bhféadfaidh na Ballstáit reachtú agus gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh i réimse den sórt sin ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas dóibh déanamh amhlaidh nó gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme.

48 Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na Ballstáit beart a ghlacadh go haontaobhach lena dtoirmisctear catagóir táirgí a allmhairiú ó chríoch nó ó thríú tír, ós rud é go gceadaítear an t-allmhairiú sin ar shlí eile agus go rialaítear é le comhaontú trádála arna thabhairt i gcrích ag an Aontas, mura rud é go n-údaraítear go sainráite dóibh déanamh amhlaidh le dlí an Aontais.

49 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear, go bunúsach, le hAirteagal 1 den bhun-Rialachán maidir le bearta Cosanta, cé is moite de tháirgí teicstíle agus táirgí ó thríú tíortha áirithe, nach n-áirítear Ríocht Mharacó ná an Sahára Thiar iontu, go bhfuil allmhairiú táirgí de thionscnamh tríú tíortha isteach san Aontas Eorpach saor agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad faoi réir aon srian cainníochtúil, agus á chur leis, ag an am céanna, go bhfuil sé sin gan dochar do na bearta cosanta a fhéadfar a dhéanamh faoi Chaibidil V den Rialachán sin. Is léir ó Airteagal 15(1) den Rialachán sin, i gcás ina bhfuil riosca mórdhíobhála ann do tháirgeoirí an Aontais, go nglacfaidh an Coimisiún bearta cosanta arna n-iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin.

50 Ina theannta sin, le hAirteagal 194 de Rialachán Uimh. 1308/2013, atá i gCuid III den Rialachán sin, ina ndéileáiltear le trádáil le tríú tíortha, bunaítear córas cosanta atá cosúil leis an gcóras a eascraíonn as Airteagal 15 den bhun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta, a mhéid atá sé bunaithe freisin ar bhearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún maidir le táirgí a thagann faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1308/2013 a allmhairiú isteach san Aontas.

51 Dá bhrí sin, leis na forálacha a bhaineann le bearta cosanta a fhéadfar a ghlacadh i gcomhréir leis an dá rialachán dá dtagraítear i míreanna 49 agus 50 den bhreithiúnas seo, ní cheadaítear do Bhallstát beart a ghlacadh go haontaobhach lena dtoirmisctear allmhairiú áirithe táirgí isteach san Aontas.

52 Is fíor go bhforáiltear le hAirteagal 24(2)(a) den bhun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta nach gcuirfear bac leis an Rialachán sin ar na Ballstáit ‘toirmisc, srianta cainníochtúla ná bearta faireachais ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí, le cosaint sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí, le cosaint seod náisiúnta ina bhfuil luach ealaíne, staire nó seandálaíoch, nó maoin tionscail agus tráchtála a chosaint’. Mar a thugann tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 40 dá Tuairim, ceadaítear leis an bhforáil sin, ar chúiseanna atá inchomparáide leo siúd dá dtagraítear in Airteagal 36 CFAE maidir le gné inmheánach an mhargaidh aonair (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 30 Bealtaine 2002, *Expo Casa Manta*, C-296/00, EU:C:2002:316, mír 34), cur isteach ar shaoirse allmhairithe isteach san Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 1(2) den bhun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta.

53 Mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 24(2)(a) den Rialachán sin, áfach, tá an fhoráil sin gan dochar d’fhorálacha ábhartha eile de dhlí an Aontais. I gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí, a bhaineann le hallmhairiú táirgí talmhaíochta, áirítear sna forálacha ábhartha eile sin, *inter alia*, Airteagal 194 de Rialachán Uimh. 1308/2013, lena bhforchoimeádtar don Choimisiún, mar a cuireadh in iúl i mír 50 den bhreithiúnas seo, an chumhacht chun bearta cosanta a ghlacadh maidir le hallmhairiú táirgí isteach san Aontas a thagann faoi raon feidhme Rialachán Uimh. 1308/2013. Dá bhrí sin, ní féidir a thuiscint le hAirteagal 24(2)(a) den bun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta go dtugtar de chumhacht do na Ballstáit bearta cosanta a ghlacadh, go haontaobhach, maidir le hallmhairiú táirgí talmhaíochta.

54 Thairis sin, tá an beart ginearálta lena dtoirmisctear allmhairiú na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí, a n-iarrann Poblacht na Fraince, sa chás seo, ar Confédération paysanne iad a ghlacadh, beartaithe, de réir Confédération paysanne, chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha dhlí an Aontais maidir le tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi thionscnamh na dtorthaí agus na nglasraí a chuirtear ar díol. Mar sin féin, i gcás ina mainneoidh onnmhaireoirí go ginearálta na forálacha sin a chomhlíonadh, ní faoi Bhallstát a bheadh sé, i gcás inarb iomchuí, ach faoin gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh laistigh den chreat a leagtar síos leis na sásraí comhair dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhlachais.

55 I bhfianaise na gcúiseanna uile roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór Airteagal 207 CFAE, an bun-Rialachán maidir le Bearta Cosanta agus Rialachán Uimh. 1308/2013 a léiriú sa chaoi nach gceadaítear do Bhallstát go haontaobhach beart a ghlacadh lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí talmhaíochta a bhfuil a lipéadú ar neamhréir go córasach le reachtaíocht an Aontais maidir le léiriú na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh.

An dara agus an tríú ceist

56 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú nach gcuireann an chúirt a rinne an tarchur an dara agus an tríú ceist ach amháin i gcás ina measann an Chúirt Bhreithiúnais gur gá freagra dearfach a thabhairt ar an gcéad cheist.

57 Mar sin féin, mar a chinntear i mír 55 den bhreithiúnas seo, ní mór freagra diúltach a thabhairt ar an gcéad cheist sin.

58 Dá bhrí sin, ní gá an dara ceist ná an tríú ceist a fhreagairt.

An ceathrú ceist

Inghlacthacht

59 Measann Rialtas na Fraince agus an Coimisiún, go bunúsach, dá mba léir ón bhfreagra ar an gcéad cheist nach bhféadfadh glacadh birt amhail an beart a d'iarr an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, nach mbeadh an cheist an gcomhlíonann na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí reachtaíocht an Aontais maidir le bunáitíocht earraí bia a léiriú ábhartha do réiteach na díospóide os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

60 Ar an ábhar sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur don chúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 21 Márta 2023, *Mercedes-Benz Group (Dliteanas tairgeoirí feithiclí arna bhfeistiú le feistí sáraithe)*, C-100/21, EU:C:2023:229, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú iarraidh ar riail de chuid an Aontais le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 21 Márta 2023, *Mercedes-Benz Group (Dliteanas tairgeoirí feithiclí arna bhfeistiú le feistí sáraithe*), C-100/21, EU:C:2023:229, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Sa chás seo, cé nach mbaineann an chéad cheist ach le hallmhairiú na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, baineann an ceathrú ceist, ar an taobh eile, le céim allmhairithe na dtáirgí sin agus le céim a ndíolta le tomhaltóirí. Ina bharúlacha i scríbhinn, tagraíonn Confédération paysanne freisin, go minic, don ghá atá le léiriú ceart ar thionscnamh na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí chun iad a mhargú.

63 Dá bhrí sin, luann an chúirt a rinne an tarchur gurb é atá i gceist leis an bhfreagra ar na pléadálacha a ardaíodh sna príomhimeachtaí ná a chinneadh, ag céim allmhairithe na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí agus ag céim a margaithe araon, nach mór críoch an tSahára Thiar seachas críoch Ríocht Mharacó a lua mar thír thionscnaimh i bpacáistiú na dtáirgí sin.

64 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go mbaineann an ceathrú ceist le léiriú forálacha de dhlí an Aontais atá ábhartha d'ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí. Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheas go bhfuil an cheist sin ábhartha, de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 60 den bhreithiúnas seo.

65 Dá bhrí sin, tá an ceathrú ceist inghlactha.

Substaint

66 Is léir, go bunúsach, ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 den bhreithiúnas seo, d'fhonn freagra úsáideach a thabhairt chun a chur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur an díospóid atá os a comhair a chinneadh, gur faoin gCúirt atá sé, i gcás inar gá, na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú agus, i gcás inarb iomchuí, forálacha dhlí an Aontais nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste a chur san áireamh.

67 Sa chás seo, baineann an ceathrú ceist le léiriú Airteagail 9 agus 26 de Rialachán Uimh. 1169/2011 agus Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013, lena leagtar síos, *inter alia*, oibleagáidí a bhaineann le bunáitíocht na n-earraí bia lena mbaineann.

68 I ndáil leis sin, is léir ón ordú tarchuir gur glasraí agus torthaí iad na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí. Leanann sé, ar an gcéad dul síos, ó Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 1169/2011 go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin gan dochar do na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos le forálacha sonracha de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hearraí bia áirithe, a dheimhnítear, go bunúsach, le hAirteagal 26(1) den Rialachán sin. Ar an dara dul síos, sonraítear in Airteagal 75(1)(b) de Rialachán Uimh. 1308/2013, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 75(3)(j) de, go bhféadfadh baint a bheith ag caighdeáin mhargaíochta le haghaidh torthaí agus glasraí lena n-áit tionscnaimh, cé go sonraítear in Airteagal 76 den Rialachán sin nach bhféadfar torthaí agus glasraí úra atá ceaptha don tomhaltóir deiridh a mhargú ach amháin má léirítear an tír thionscnaimh, agus go bhfuil feidhm ag na caighdeáin sin maidir le gach céim mhargaíochta, lena n-áirítear allmhairiú agus onnmhairiú.

69 Ag an am céanna, le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán Uimh. 1234/2007, a aisghaireadh le Rialachán Uimh. 1308/2013. Luaitear in aithris 4 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin nach bhféadfar torthaí agus glasraí atá ceaptha lena ndíol leis an tomhaltóir agus iad úr a mhargú ach amháin má léirítear a dtír thionscnaimh. Go sonrach, tá mealbhacáin Charentais faoi réir na gcaighdeán margaíochta ginearálta dá bhforáiltear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus tá trátaí silíní faoi réir na gcaighdeán margaíochta sonrach a leagtar síos i gCuid 10 de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ós rud é go n-áirítear sa dá chineál caighdeán margaíochta sin ceanglais a bhaineann le tásc thionscnamh na dtáirgí dá dtagraíonn siad. Dá bhrí sin, leanann sé ón méid sin roimhe seo, ós rud é go leagtar síos le Rialachán Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 ceanglais shonracha maidir le tásc thionscnamh na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfuil Rialachán Uimh. 1169/2011 ábhartha don fhreagra ar an gceathrú ceist.

70 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína ceathrú ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn sé, ag céimeanna an allmhairithe agus an díola leis an tomhaltóir, nach mór an Sahára Thiar a léiriú ar lipéadú na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí, gan bheith in ann Ríocht Mharacó a lua mar a dtír thionscnaimh.

71 Ar an gcéad dul síos, mar is léir ó mhíreanna 68 agus 69 den bhreithiúnas seo, foráiltear leis na caighdeáin mhargaíochta ábhartha do na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí, ag gach céim mhargaíochta, lena n-áirítear allmhairiú agus onnmhairiú, go bhfuil sé éigeantach a dtír thionscnaimh a shonrú.

72 Luaitear in aithris 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, nach mór na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin a léamh ina bhfianaise, go bunúsach, nach mór na sonraí a cheanglaítear leis na caighdeáin mhargaíochta a bheith le feiceáil go soiléir ar phacáistíocht agus/nó ar lipéad na dtáirgí lena mbaineann, go háirithe chun cosc a chur ar thomhaltóirí a chur amú.

73 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach féidir le léiriú na tíre tionscnaimh nach mór a bheith ar earraí amhail na hearraí atá i gceist sna príomhimeachtaí a bheith míthreorach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, C-363/18, EU:C:2019:954, mír 25).

74 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt cheana féin, maidir le Rialachán Uimh. 1308/2013, nach mór an coincheap 'tír thionscnaimh', dá dtagraítear in Airteagal 76 den Rialachán sin, a léiriú freisin trí thagairt a dhéanamh do Chód Custaim an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main*, (C-686/17, EU:C:2019:659, mír 46).

75 I gcomhréir le hAirteagal 59(c) den Chód sin, tá na rialacha a leagtar síos in Airteagail 60 agus 61 de maidir le tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh infheidhme maidir le bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí, amhail Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011.

76 Dá bhrí sin, ní mór an coincheap 'tír thionscnaimh', atá le feiceáil i bpointe 4 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, a bhaineann, *inter alia*, le mealbhacáin Charentais, agus i Roinn VI de Chuid 10 de Chuid B den Iarscríbhinn sin, a bhaineann, *inter alia*, le trátaí silíní, a shainmhíniú faoi threoir Chód Custaim an Aontais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2019, *Zentrale zur Bekämpfung unlauteren Wettbewerbs Frankfurt am Main*, C-686/17, EU:C:2019:659, mír 50).

77 I ndáil leis sin, faoi Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais, maidir le hearraí a fuarthas go hiomlán sa tír nó sa chríoch sin nó a ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substaintiúil deireanach orthu sa tír nó sa chríoch sin, measfar gur de thionscnamh 'tír' nó 'críoch' áirithe iad.

78 Dá bhrí sin, is í tír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí an tír nó an chríoch ónar baineadh iad.

79 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an bhfocal 'tír', ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go n-úsáidtear é go minic i gConradh AE agus i gConradh FAE mar chomhchiallach leis an bhfocal 'Stát'. Dá bhrí sin, chun léiriú comhleanúnach ar dhlí an Aontais a áirithiú, is gá an bhrí chéanna a thabhairt don téarma sin i gCód Custaim an Aontais, i Rialachán Uimh. 1308/2013 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, C-363/18, EU:C:2019:954, mír 28).

80 Ina dhiaidh sin, maidir leis an gcoincheap 'Stát', ní mór a thuiscint go n-ainmnítear leis an gcoincheap sin eintiteas ceannasach a fheidhmíonn, laistigh dá theorainneacha geografacha, méid iomlán na n-inniúlachtaí a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta (breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, C-363/18, EU:C:2019:954, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 Ar deireadh, maidir leis an téarma ‘críoch’, is léir ó fhoclaíocht mhalartach Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais go dtagraíonn an téarma sin d’eintitis seachas ‘tíortha’ agus, dá bhrí sin, seachas ‘Stáit’ (breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, C-363/18, EU:C:2019:954, mír 30).

82 Mar a luaigh an Chúirt cheana féin, áirítear ar na heintitis sin, *inter alia*, spásanna geografacha, cé go bhfuil siad faoi dhlínse nó faoi fhreagracht idirnáisiúnta Stáit, a bhfuil stádas ar leith acu ón Stát sin faoin dlí idirnáisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK*, C-266/16, EU:C:2018:118, míreanna 62 go 64, agus an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, C-363/18, EU:C:2019:954, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, i bhfianaise Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais, go bhfuil an oibleagáid tír thionscnaimh na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí a lua, a eascraíonn, ar an gcéad dul síos, as na caighdeáin ghinearálta mhargaíochta a leagtar síos i gCuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, agus as na caighdeáin shonracha mhargaíochta a leagtar amach i gCuid 10 de Chuid B den Iarscríbhinn sin, agus, ar an dara dul síos, as Airteagal 76(1) de Rialachán Uimh. 1308/2013, infheidhme ní hamháin maidir le táirgí de thionscnamh ‘tíortha’, mar a thuigtear i míreanna 79 agus 80 den bhreithiúnas seo, ach freisin maidir leo siúd de thionscnamh ‘críocha’, dá dtagraítear sna míreanna 81 agus 82 den bhreithiúnas seo.

84 Ar an tríú dul síos, sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir gur baineadh na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí ar chríoch an tSahára Thiar.

85 Mar sin féin, is críoch í críoch an tSahára Thiar atá ar leithligh ó chríoch Ríocht Mharacó (breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario*, C-104/16 P, EU:C:2016:973, mír 92, agus an 27 Feabhra 2018, Cás 266/16, *Western Sahara Campaign UK*, C-266/16, EU:C:2018:118, mír 62).

86 Thairis sin, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO 2020 L 334, lch. 2) is infheidhme maidir le réimse reachtaíocht chustaim an Aontais, déantar foráil maidir le cóid agus téacsanna ar leithligh le haghaidh an tSahára Thiar agus le haghaidh Ríocht Mharacó.

87 Sna himthosca sin, ní mór críoch an tSahára Thiar a mheas mar chríoch chustaim de réir bhrí Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais agus, dá bhrí sin, de Rialachán Uimh. 1308/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011. Mar sin, ní féidir le sonrú na tíre tionscnaimh nach mór a bheith ar na táirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí ach an Sahára Thiar amháin a ainmniú mar thír thionscnaimh, ós rud é go mbaintear na táirgí sin sa chríoch sin.

88 Bheadh aon léiriú eile míthreorach, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas seo. D’fhéadfadh sé tomhaltóirí a chur amú maidir le fíorthionscnamh na n-earraí atá i gceist sna príomhimeachtaí, sa mhéid is gur dócha go dtabharfaí le tuiscint go dtagann na hearraí sin ó áit seachas an chríoch ónar baineadh iad (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Samhain 2019, *Organisation juive européenne agus Vignoble Psagot*, (C-363/18, EU:C:2019:954, mír 51).

89 I bhfianaise na gcúiseanna uile roimhe seo, is é an freagra ar an gceathrú ceist ná nach mór Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011, a léiriú sa chaoi, ag céimeanna an allmhairithe agus an díola leis an tomhaltóir, nach mór a léiriú ar lipéadú na dtáirgí atá i gceist sna príomhimeachtaí gurb é an Sahára Thiar amháin a dtír thionscnaimh.

Costais

90 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Airteagal 207 CFAE, Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní cheadaíonn siad do Bhallstát beart a ghlacadh go haontaobhach lena dtoirmisctear allmhairiú táirgí talmhaíochta a bhfuil a lipéadú ar neamhréir go córasach le reachtaíocht an Aontais maidir le léiriú na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh.

2. **Airteagal 76 de Rialachán Uimh. 1308/2013, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 594/2013 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2013,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ag céimeanna an allmhairithe agus an díola tomhaltóra, ní mór a léiriú ar lipéadú mealbhacáin Charentais agus trátaí silíní a bhaintear ar chríoch an tSahára Thiar gurb é an Sahára Thiar amháin a dtír thionscnaimh.

Sínithe